Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Feabhra 2026
(OR. en)

5991/1/26
REV 1

| | |
|---|---|
| UEM 70 | RECH 44 |
| ECOFIN 150 | ENER 47 |
| SOC 50 | JAI 151 |
| EMPL 20 | GENDER 10 |
| COMPET 147 | ANTIDISCRIM 9 |
| ENV 90 | JEUN 18 |
| EDUC 28 | SAN 61 |
| *ECB* | *EIB* |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Nóta míniúcháin - Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta míniúcháin a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2026.

## Nóta míniúcháin

*- Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2026*

In Airteagal 29 de Rialachán 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, luaitear an méid seo a leanas: '*Mar riail ghinearálta, táthar ag dréim go ndéanfaidh an Chomhairle beart de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí'*.

Leis seo, i dtaca leis an 'riail comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na hathruithe a comhaontaíodh ar na Moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle (Ecofin) freisin roinnt nithe breise mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

**Moladh 10**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Ní bhaineann le hábhar

*An téacs a comhaontaíodh:*

[...] An tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche trí leanúint den obair ar na gnéithe uile de atá fós gan réiteach, i gcomhréir leis an ráiteas ón nGrúpa Euro i mí an Mheithimh 2022. […]

*Míniú:*

Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche chun rannchuidiú go hiomlán le cobhsaíocht eacnamaíoch agus athléimneacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht na hEorpa. Tá an Chomhairle den tuairim gur cheart leanúint den obair bhreise i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach sa Ráiteas ón nGrúpa Euro i bhformáid chuimsitheach an 16 Meitheamh 2022.

**Moladh 11**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Bearta a dhéanamh chun Moltaí 2025 ón gCoimisiún a chur chun feidhme maidir le hinfhaighteacht cuntas coigiltis agus infheistíochta a mhéadú le cóireáil chánach shimplithe agus bhuntáisteach[1] (Meán Fómhair 2025) agus maidir le deaiseanna pinsean, córais rianaithe pinsean agus uathchlárú[2] (Samhain 2025), chomh maith leo siúd atá i dTeachtaireacht 2025 maidir le Straitéis Litearthachta Airgeadais don Aontas[3] (Meán Fómhair 2025).

*An téacs a comhaontaíodh:*

[...] Roghanna a fhiosrú maidir le Moltaí 2025 ón gCoimisiún a chur chun feidhme maidir le hinfhaighteacht cuntas coigiltis agus infheistíochta a mhéadú le cóireáil chánach shimplithe agus bhuntáisteach[4] (Meán Fómhair 2025) agus maidir le deaiseanna pinsean, córais rianaithe pinsean agus uathchlárú[5] (Samhain 2025), chomh maith leo siúd atá i dTeachtaireacht 2025 maidir le Straitéis Litearthachta Airgeadais don Aontas[6] (Meán Fómhair 2025).

*Míniú:*

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil Moltaí ón gCoimisiún tábhachtach chun ceapadh beartais ag na Ballstáit a threorú agus chun athchóirithe struchtúracha a spreagadh ar an leibhéal náisiúnta, agus ar an gcaoi sin tacú le beartais ar leibhéal an Aontais amhail forbairt an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. Baineann na Moltaí sin le réimsí beartais a bhfuil inniúlacht náisiúnta acu agus atá neamhcheangailteach do na Ballstáit.

---

[1] C(2025) 6800 final.
[2] C(2025) 9300 final.
[3] COM(2025) 681 final.
[4] C(2025) 6800 final.
[5] C(2025) 9300 final.
[6] COM(2025) 681 final.